Campa teifeach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi champa teifeach sa Fhrainc atá á bhaint as a chéile. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na focail seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cá bhfuil an campa teifeach a dtugtar an *Jungle* air?
2. Cé mhéad duine atá ina gcónaí sa champa agus cén cineál saoil atá acu ann, dar leat?
3. Cén áit a raibh na busanna chun na teifigh a thabhairt?
4. Cad a tharlóidh do na páistí ar fad atá ina n-aonar?
5. Bhí trioblóid agus achrann sa champa thar oíche. Cad a bhí i gceist?
6. Cé mhéad lá a thógfaidh sé gach teifeach sa champa a bhogadh go dtí campa eile?
7. Cén fáth a bhfuil innealra le tabhairt isteach sa champa?

Ceist 3 ***'…**ina gcónaí**…'***

Scríobh an fhoirm cheart den réamhfhocal simplí ***i***, den aidiacht shealbhach agus den fhocal ***cónaí*** sna bearnaí thíos chun na habairtí seo a leanas a chríochnú.

I live...	Tá mé _____ ...
You live...	Tá tú _____ ...
He lives...	Tá sé _____ ...
She lives...	Tá sí _____ ...
We live...	Táimid / Tá muid _____ ...
You live...	Tá sibh _____ ...
They live...	Tá siad _____ ...

Ceist 4 **A**. Féach ar an mír arís agus breac síos an uimhir iolra de na focail seo atá le cloisteáil inti:

bus	_____
míle	_____
campa	_____
coinníoll	_____
údarás	_____
céad	_____
leithreas	_____
cloch	_____
póilín	_____
bothán	_____

B. *'…na **h**údaráis…'*

Cén fáth a bhfuil 'h' roimh an bhfocal ***údarás*** san iolra?

Ceist 5 Bhain an tuairisceoir, Máire T. Ní Mhadaoin, úsáid as an bhfocal 'gasúr' agus í ag caint faoi 'leanbh'.

1. An bhfuil aon fhocal eile agat ar 'leanbh'?
2. Cad is brí leis an bhfocal 'gasúr' i do chanúint féin? An bhfuil brí éagsúil aige i gcanúint ar bith?
3. An bhfuil aon fhocal eile agat ar 'cailín' agus 'buachaill'?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad is cúis leis an líon mór teifeach atá againn san Eoraip faoi láthair?
2. Cén fáth nár mhian le rialtais áirithe teifigh a ligean isteach ina dtíortha?
3. Cad is féidir le hÉirinn a dhéanamh chun cuidiú le géarchéim na dteifeach?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

teifigh	*refugees*
coinníollacha suaracha	*wretched conditions*
na scuainí	*the queues*
sonraí	*details*
ar lámh	*at hand*
tearmann	*asylum*
duine muinteartha	*relative*
deorghás	*tear gas*
ar dualgas	*on duty*
innealra	*machinery*
teannas	*tension*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Tá mé i mo chónaí...
Tá tú i do chónaí...
Tá sé ina chónaí...
Tá sí ina cónaí...
Táimid / Tá muid inár gcónaí...
Tá sibh in bhur gcónaí...
Tá siad ina gcónaí...

Ceist 4
A.

bus	*busanna*
míle	*mílte*
campa	*campaí*
coinníoll	*coinníollacha*
údarás	*údaráis*
céad	*céadta*
leithreas	*leithris*
cloch	*clocha*
póilín	*póilíní*
bothán	*botháin*

B. Cuirtear ‘h’ roimh ainmfhocail dar tús guta sa tuiseal ainmneach iolra, tar éis an ailt iolra ***na***. Mar shampla: na húdaráis, na háiteanna, na háiseanna.

Ceist 5
1. Páiste, nó gasúr i gcanúint Chonnacht.
2. Ciallaíonn ‘gasúr’ buachaill óg i gcanúint Uladh.
3. cailín – girseach (CU) agus gearrchaile (CM)
   buachaill – stócach (CU), gasúr (CU), garsún (CM)

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Máire T. Ní Mhadaoin

Sa bhFrainc[1] tugadh na mílte chun bealaigh ar bhusanna maidin inniu ón gcampa teifeach in Calais a dtugtar an *Jungle* air. Tá an campa, nach raibh ach caite le chéile, le baint as a chéile ar fad anois, agus tá an seacht míle duine atá ina gcónaí ann le tabhairt chun campaí teifeach eile ar fud na Fraince.

Níl a fhios ag cuid de na teifigh cén sórt saoil atá rompu ach mura bhfuil a fhios féin, deir cuid acu go mb'fhearr leo codladh ar thaobh na sráide ná fanacht sa gcampa[2] a dtugtar[3] an *Jungle* air – campa atá caite le chéile in aice le Calafort Calais, campa a bhfuil[4] os cionn seacht míle teifeach ag maireachtáil ann i gcoinníollacha suaracha le bliain go leith.

Ó mhoch maidine a thosaigh na scuainí, agus ina nduine agus ina nduine, thug siad a gcuid sonraí do na hÚdaráis. Bhí na céadta bus[5] ar lámh le hiad a thabhairt chun campaí teifeach ar fud na Fraince agus tabharfar deis dóibh iarratas a dhéanamh ar thearmann. Tá suas le míle gasúr atá leo féin, gan aon duine muinteartha, le cur go dtí an Bhreatain.

Thar oíche tharla roinnt achrainn idir cuid de na teifigh agus na húdaráis. Dódh amach leithris agus caitheadh clocha leis na póilíní. Scaoileadar[6] siúd deorghás ar ais. Meastar go dtógfaidh sé trí lá ar a laghad na teifigh uilig[7] a thabhairt chun bealaigh agus beidh cuimse póilíní ar dualgas le súil a choinneáil ar chúrsaí. Ansin bainfear an campa uilig[8] as a chéile agus tabharfar isteach innealra le botháin bheaga a leagan agus an áit a ghlanadh. Tá na húdaráis ag súil gurb in deireadh leis an teannas i gceantar Calais ach cá bhfios nach bhfuil ann ach á chur ó dhoras.

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas Chonnacht
[3] *ar a dtugtar an Jungle air* a deirtear
[4] *campa ina bhfuil os cionn seacht míle teifeach ag maireachtáil ann* a deirtear
[5] *na céadta busanna* a mholtar i gCaighdeán Oifigiúil 2016, rud nach bhfuil ag teacht le dúchas na teanga ná leis na príomhghraiméir.
[6] *Scaoil siad* an leagan caighdeánach
[7] *uile* an leagan caighdeánach
[8] *uile* an leagan caighdeánach